

## Ag craobhscaoileadh fhocal Dé

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi chúrsaí creidimh ar na meáin shóisialta. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal seo a leanas a aimsiú?

1. teachtaireachtaí spioradálta
2. paidreacha
3. gné
4. a chur i dtoll a chéile
5. eagarthóireacht
6. i dteagmháil
7. éileamh
8. tarraingteach
9. saineolas
10. soiscéal

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---



Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

### Ceist 2

Féach ar na féilte móra, a luadh sa mhír, leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna le chéile:

An Nollaig  
An Cháisc  
An Aidbhint  
An Carghas

1. Cén fáth a gceiliúrtar na féilte sin?
2. Conas a cheiliúránn tú féin na féilte sin anois agus nuair a bhí tú óg?

**Ceist 3** Féach ar an mír arís, agus breac síos achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cuir d'achóimre i gcomparáid le ceann an duine in aice leat.

**Ceist 4** Bhí a lán samplaí den tuiseal ginideach uatha sa mhír. Báin amach na lúibíní sna samplaí seo a leanas agus cuir na leaganacha cearta de na hainmfhocail sna bearnaí.

ar fud (an chruinne)	_____
ó thús (an phaindéim)	_____
i gContae (an Clár)	_____
ag scaipeadh (an dea-scéal)	_____
dea-scéal (an soiscéal)	_____

Anois déan an rud céanna leis na focail seo a bhí sa phaidir:

Nearc (neamh)	_____
Solas (grian)	_____
Gile (gealach)	_____
Glóir (tine)	_____
Tobainne (tintreach)	_____
Luas (gaoth)	_____
Doimhneacht (muir)	_____

**Ceist 5** Na briathra frásacha

Cad é an réamhfhocail simplí a ghabhann leis na briathra seo a bhí le cloisteáil sa mhír?

bain leas \_\_\_\_\_  
fáiltigh \_\_\_\_\_  
teastaigh \_\_\_\_\_  
freastail \_\_\_\_\_  
cuir \_\_\_\_\_

Cuir in abairtí anois iad lena mbrí a léiriú.

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad a cheapann tú faoin obair a dhéanann an tEaspag Fiontán Ó Monacháin?
2. Cén fáth nach bhfuil an Eaglais Chaitliceach chomh cumhachtach céanna is a bhí sí caoga bliain ó shin, dar leat?
3. Cén fáth, dar leat, a mbíonn an reiligiún tábhachtach sa tsochaí i gcoitinne?

## Treoracha agus Freagraí

### Ceist 1

1. teachtaireachtaí spioradálta	<i>spiritual messages</i>
2. paidreacha	<i>prayers</i>
3. gné	<i>aspect</i>
4. a chur i dtoll a chéile	<i>to compile</i>
5. eagarthóireacht	<i>editing</i>
6. i dteagmháil	<i>in contact</i>
7. éileamh	<i>demand</i>
8. tarraingteach	<i>appealing</i>
9. saineolas	<i>knowledge</i>
10. soiscéal	<i>gospel</i>

### Ceist 2

Cleachtadh cainte é seo.

An Nollaig: Féile Chríostaí a cheiliúránn breith Íosa.

An Cháisc: Seo príomhfhéile na hEaglaise Chríostaí, a cheiliúránn aiséirí Íosa Críost ar an tríú lá tar éis a chéasta.

An Aidhbhint: An tréimhse ullmhúcháin chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa Críost um Nollaig.

An Carghas: Sa Chríostaíocht, tréimhse ullmhúcháin é an Carghas roimh an gCáisc, chun aithris a dhéanamh ar an troscadh a rinne Íosa Críost san fhásach.

### Ceist 3

Féach an script.

### Ceist 4

ar fud na cruinne  
ó thús na paidéime  
i gContae an Chláir  
ag scaipeadh an dea-scéil  
dea-scéal an tsoiscéil

neart neimhe  
solas gréine  
gile gealaí  
glóir tine  
tobainne tintrí  
luas gaoithe  
doimhneacht mara

### Ceist 5

bain leas as – use  
fáiltigh roimh – welcome  
teastaigh ó – want  
freastail ar – attend  
cuir amach – put out, vomit

### Ceist 6

Is féidir gach beirt nó tríúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

### Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá bealaí nua-aimseartha ag duine de na heaspaig is óige in Éirinn le teachtaireachtaí spioradálta agus paidreacha a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla do dhaoine ar fud na cruinne. Baineann an tEaspag Fiontán Ó Monacháin leas as chuile<sup>1</sup> ghné den teicneolaíocht lena chuid físeán a chur i dtoll a chéile agus a roinnt ar na meáin shóisialta.

### An tEaspag Fiontán Ó Monacháin, Easpag Chill Dalua

(Tá fáilte romhat agus muid ag leanacht<sup>2</sup> ar aghaidh leis na machnaimh spioradálta. Agus meascán atá againn inniu. Cuid de as Gaeilge agus roinnt eile as Béarla.)

### Áine Lally

Tá an-spéis go deo ag Easpag Chill Dalua sa teicneolaíocht. Ó thús na paidéime, bíonn míreanna físe á dtaifeadh aige, scripteanna á réiteach aige agus eagarthóireacht á déanamh ina stiúideo beag ina theach, in Inis, i gContae an Chláir. Go dtí seo, tá beagnach ceithre chéad físeán i nGaeilge agus i mBéarla curtha le chéile ag an Easpag Fiontán Ó Monacháin.

### An tEaspag Fiontán Ó Monacháin, Easpag Chill Dalua

(Go raibh beannacht Dé i do chroíse, an lá seo agus i gcónaí. Áiméan.)

Thosaigh an nós ag tús an *coronavirus* (an choróinvíris), nuair a tháinig sé, agus ní raibh muid in ann dul i dteagmháil le daoine, mar nach raibh cead ag daoine dul chuig an Aifreann. Dar ndóigh, bhí na *webcams* agus *YouTube live* agus rudaí mar sin. Ach bhí mé ag ceapadh go raibh rud éigin eile ag teastáil ó dhaoine le coinneáil i dteagmháil leis an gcreideamh. So, thosaigh mé an nós, ag déanamh físeáin bheaga inspioráideacha ar na Naoimh éagsúla, ar na féilte móra – an Nollaig, an Cháisc, an Aidbhaint, An Carghas agus rudaí mar sin.

### Áine Lally

Cé go bhfuil daoine ag freastal ar na hAifrinn arís sna séipéil, deir an tEaspag Fiontán go bhfuil éileamh fós ar a chuid físeán. Chuile Dé Sathairn, bíonn suas le sé fhíseán réitithe le cur amach an tseachtain ina dhiaidh sin ar *YouTube*, *Twitter*, *Facebook* agus *Instagram*. Níl aon easpa scéalta deasa nó ábhar tarraingteach ann, dar le hEaspag Chill Dalua.

### An tEaspag Fiontán Ó Monacháin

(Inniu cuirim tharam: Neart Neimhe, Solas Gréine, Gile Gealaí...)

Go leor sagart agus roinnt de na heaspaig, tá siad á ndéanamh freisin. Ach, is breá liom aon saineolas atá agam a roinnt le daoine, más rud é go ndéanann sé maitheas. An Pápa féin, bíonn sé ag déanamh go leor físeáin bheaga agus is iontach an áis é. Tá mé ag ceapadh, dá mbeadh Íosa Críost beo sa lá atá inniu ann go mbeadh sé ar *YouTube* agus ar na meáin shóisialta ar fad, ag scaipeadh an dea-scéil. Dea-scéal an tsoiscéil.

(Críost liom, Críost romham. Áiméan.)

Áine Lally, Nuacht TG4, Inis i gContae an Chláir.

---

<sup>1</sup> leagan canúnach de ‘gach uile’

<sup>2</sup> leagan canúnach de ‘leanúint’